Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11544/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0196(BUD)**

**FIN 1015**
**INST 282**
**PE-L 21**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | An seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027<br>*Ráitis* |

## RÁITIS ATÁ LE CUR ISTEACH I MIONTUAIRISCÍ NA COMHAIRLE

### 1. Ráiteas maidir le híocaíochtaí

D’fhonn cur chun feidhme cuí chláir an Aontais a áirithiú agus cás a sheachaint ina mbeadh leibhéal iomarcach ceangaltas le híoc i mbliain deiridh an CAI reatha, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán gníomhach a dhéanamh, le linn na bliana 2027, ar chur chun feidhme na gclár (go háirithe i bhfo-cheannteideal 2a agus i bhForbairt Tuaithe).

Chuige sin, agus aird á tabhairt ar chruinneas réamhaisnéisí na mBallstát i gcás inarb infheidhme agus ar an gcorrlach íocaíochtaí i ndréachtbhuiséad 2027, arna spreagadh go príomha ag fo-cheannteideal 2a, tá sí ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún figiúirí nuashonraithe maidir le staid na gcúrsaí agus meastacháin maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2027 a thíolacadh go tráthúil.

Má léirítear sna figiúirí nach leor na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2027 chun na riachtanais a bhfuil údar leo a chumhdach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réiteach iomchuí a thíolacadh a luaithe is féidir, *inter alia* dréachtbhuiséad leasaitheach, d’fhonn go mbeidh an t-údarás buiséadach in ann aon chinntí is gá a dhéanamh a luaithe is féidir gan moill mhíchuí le haghaidh riachtanais a bhfuil údar leo.

I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an Chomhairle san áireamh práinn an ábhair, agus giorrú á dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine le haghaidh cinnidh má mheastar gur gá sin. Is amhlaidh an cás *mutatis mutandis* má léirítear leis na figiúirí go bhfuil na leithreasuithe a iontráladh i mbuiséad 2027 níos airde ná mar is gá.

Déanfaidh an Chomhairle scrúdú cúramach ar an litir leasaitheach a bhaineann leis an talmhaíocht (lena n-áirítear faisnéis maidir le hioncam sannta) chun measúnú iomchuí a dhéanamh ar leibhéal na n-acmhainní faoi cheannteideal 3 (*Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol*) i mbuiséad 2027.

## 2. Ráiteas maidir le ceannteideal 7 (*Riarachán Poiblí Eorpach*)

Athdhearbhaíonn an Chomhairle an comhartha soiléir ó na cinn stáit agus rialtais ag cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí Feabhra 2024, inar leagadh béim ar a riachtanaí atá sé srian a chur leis an gcaiteachas riaracháin. Agus tagairt á déanamh do mhír 130 de chonclúidí mhí Iúil 2020 ón gComhairle Eorpach, iarradh ar institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí uile an Aontais agus ar a lucht riaracháin barrfheabhas a chur ar acmhainní foirne go dtí leibhéal 2020 agus gnóthachain éifeachtúlachta a lorg maidir le caiteachas nach mbaineann le tuarastail. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle go láidir ar na hinstitiúidí uile an caiteachas riaracháin a rialú agus a bhainistiú a thuilleadh agus féachaint le héifeachtúlachtaí a bhaint amach.

Is oth leis an gComhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim Corrlaigh Aonair a úsáid chun na riachtanais a chumhdach in ainneoin na gconclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2027[1] chun a áirithiú nach sárófaí uasteorainneacha reatha cheannteideal 7 CAI agus nach slógfar na hionstraimí speisialta don cheannteideal seo.

Maidir leis na paraiméadair a d’úsáid an Coimisiún agus an dréachtbhuiséad ginearálta le haghaidh 2027 á ullmhú chun meastachán a dhéanamh ar na méideanna is gá don choigeartú tuarastail, cuireann an Chomhairle i dtreis go bhféadfadh sé nach bhfuil siad cruinn. Má dhearbhaítear an méid sin sa litir leasaitheach atá ar na bacáin maidir le dréachtbhuiséad 2027, tá an Chomhairle ag dréim leis go ndéanfar aon mhéideanna barrachais faoi cheannteideal 7 a thabhairt ar ais go hiomlán sna hionstraimí speisialta chun freastal ar riachtanais gan choinne in 2027.

---

[1] 5755/26.

## 3. **Ráiteas maidir lena seasamh ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027 – ríomh na 'ranníocaíochtaí náisiúnta' a thabhairt isteach arís**

Tugann an Chomhairle dá haire, maidir leis an gcur i láthair a thug an Coimisiún ar ríomh mhaoiniú an bhuiséid [de réir catagóir acmhainní dílse agus de réir Ballstáit], go bhfuil leibhéal an mhionsonraithe agus na trédhearcachta laghdaithe aige trí ríomh 'ranníocaíocht náisiúnta' a fhágáil ar lár.

Is ionann scor na faisnéise faoi na haistrithe reatha iomlána a íocann rialtas ginearálta gach Ballstáit le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh — figiúirí atá faoi réir coigeartuithe rialta mar gheall ar a mbunús i gcomhiomláin staidrimh — agus briseadh le caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Aontais atá ar bun ón mbliain airgeadais 2007 i leith ar a laghad, agus fágann sé go mbaintear pointe tagartha caighdeánaithe do pháirtithe leasmhara freisin, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht anailís eolasach a dhéanamh ar ranníocaíochtaí a dhéantar le buiséad an Aontais.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún ríomh 'ranníocaíocht náisiúnta' a thabhairt isteach arís i ndréachtbhuiséid agus i ndréachtbhuiséid leasaitheacha a bheidh ann amach anseo.

Glacadh an tseasaimh seo ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027, tá sé gan dochar do phlé reachtach a bheidh ann amach anseo nó atá ar siúl faoi láthair a bhféadfadh brí agus coincheap na 'ranníocaíochtaí náisiúnta' difear a dhéanamh dó.